



An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2017/0360R(NLE)

6.7.2020

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuíg an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir le cinneadh a dhéanamh ar riosca soiléir go ndéanfaidh Poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
(2017/0360R(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Evelyn Regner

PA_Consent_Interim

MOLADH

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil:

- ag féachaint don pháipéar saincheiste ó Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine dar teideal ‘Sláinte agus Cearta gnéis agus atáirgthe na mBan san Eoraip’, Nollaig 2017,
 - ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Samhain 2019 maidir le coiriúlú an ghnéasoideachais sa Pholainn¹,
 - ag féachaint do mholtaí 2019 ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe do dhéagóirí agus don fhoilseachán ó Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip dar teideal ‘Caighdeán um Oideachas Gnéasachta san Eoraip. Creat do lucht ceaptha beartas, d’údarais oideachais agus sláinte agus do speisialtóirí’,
 - ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Feabhra 2019 maidir le frithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne in AE²,
 - ag féachaint do thorthaí Shuirbhé II LGBTI a rinne an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, lena gcuirtear béim ar mhéadú atá tagtha ar an éadulaingt agus ar an bhforéigean sa Pholainn i gcoinne daoine LGBTI, agus freagróirí LGBTI as an bPolainn ag léiriú easpa iomlán creidimh i gcomhrac an rialtais i gcoinne na claontachta agus na héadulaingthe, leis an gcéatadán is ísle in AE ar fad (gan ach 4% ann), ar staid é inarb í an Pholainn an tír ina bhfuil an céatadán is airde freagróirí a sheachnaíonn áiteanna áirithe ar eagla go ndéanfaí iad a ionsaí, a chiapadh nó a bhagairt (79%),
 - ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), go háirithe Airteagail 1, 2, 3, 10, 11, 21, 35 agus 45 di,
 - ag féachaint d’Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), maidir le luachanna fothaithe an Aontais, agus d’Airteagal 7 CAE, maidir lena chinneadh an bhfuil sárú tromchúiseach leanúnach á dhéanamh ag Ballstát ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2,
 - ag féachaint d’Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le comhionannas idir mná agus fir, agus d’Airteagal 9 CFAE maidir le heisiámh sóisialta a chomhrac agus maidir le hardleibhéal oideachais, oiliúna agus cosanta do shláinte an duine, agus do Theideal IV CFAE maidir le saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil, agus do Theideal V CFAE maidir le réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais,
- A. de bhrí go sonraítear in Airteagal 35 den Chairt go bhfuil an ceart ag ‘gach duine rochtain a fháil ar chúram sláinte coiscitheach agus leas a bhaint as cúram leighis faoi na

¹ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0058.

² Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0111.

coinníollacha arna mbunú le dlíthe agus cleachtais náisiúnta’ agus go leagtar síos ann an cuspóir maidir le ‘ardleibhéal cosanta do shláinte an duine’; de bhrí go mbaineann soláthar sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe atá inrochtana agus inacmhainne, lena n-áirítear frithghiniúint agus ginmhilleadh sábháilte agus dleathach, le hiliomad de chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun beatha agus dínit, cosaint ar íde atá mídhaonna agus táireach, an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte, an ceart chun príobháideachta, an ceart chun oideachais agus toirmeasc ar idirdhealú; de bhrí gurb ionann séanadh na sláinte agus na gcearta gnéis agus atáirgthe agus sárú ar rialuithe Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus ar CECD;

- B. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna na hurraime do dhínit an duine, ar an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 2 de CAE agus a chumhdaítear i gconarthaí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine; de bhrí go bhfuil na luachanna sin, ar comhluachanna iad ag na Ballstáit uile agus a bhfuil glactha leo go saorálach ag na Ballstáit uile, ina mbonn do na cearta atá ag daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas; de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 7 de CAE go bhféadfaí cearta áirithe a eascraíonn as cur i bhfeidhm na gConarthaí ar Bhallstát a chur ar fionraí, lena n-áirítear cearta vótála sa Chomhairle, i gcás ina bhfaightear amach go ndearna Ballstát sárú tromchúiseach leanúnach ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2;
- C. de bhrí go bhfuil dhá dhréachtdhlí a eascraíonn as tionscnaimh ó na saoránaigh os comhair Pharlaimint na Polainne, a bhfuil sé mar aidhm ag ceann amháin acu, ar a dtugtar an bille ‘Cuir Deireadh leis an nGinmhilleadh’, géarú a dhéanamh ar Acht na Polainne 1993 maidir le ‘Pleanáil Clainne, Cosaint Fhéatas an Duine agus Coinníollacha maidir le Foirceannadh Toirchis Dleathach’, atá ar cheann de na dlíthe is sriantaí san Aontas cheana maidir leis an ngingmhilleadh, chun rochtain dhlíthiúil a bhaint i gcásanna dianlagaithe féatais nó lagaithe mharfaigh féatais, rud lena ndéanfaí rochtain ar an ngingmhilleadh a shéanadh go bunúsach; an ceann eile, ar a dtugtar an bille ‘Cuir Deireadh leis an bpéidifilia’ chun cion coiriúil ar féidir téarma príosúnachta a ghearradh ina leith a dheanamh d’oideachas gnéis a bheith á sholáthar do mhionaóisigh ag múinteoirí, oibrithe cúraim sláinte agus gairmithe oideachais;
- D. de bhrí go bhfuil oideachas gnéasachta atá cuimsitheach, oiriúnach ó thaobh aoise de agus fianaise-bhunaithe ríthábhachtach chun acmhainní leanaí agus daoine óga a fhorbairt chun caidrimh fholláine, chomhionanna, chothaitheacha agus shábháilte a fhorbairt agus chun tionchar dearfach a imirt ar chomhionannas inscne, lena n-áirítear trí noirm agus dearchtaí díobhálacha inscne a athrú ó bhonn i leith foréigin inscnebhunaithe, homafóibe agus trasfóibe, chun idirdhealú agus gach cineál mí-úsáide agus foréigin atá bunaithe ar inscne a chosc agus chun cuidiú le líon na dtoircheas i measc déagóirí a laghdú, dul i riosca a laghdú agus úsáid frithghiniúna a mhéadú;
- E. de bhrí go raibh oibleagáid dhlíthiúil ar an Sejm, laistigh de shé mhí tar éis dó dul i mbun a chuid dualgas, breithniú a dhéanamh ar dhréachtdhlíthe de thionscnamh ó na saoránaigh; de bhrí gur vótáil Parlaimint na Polainne an 16 Aibreán 2020 chun an dá dhréachtdhlí de thionscnaimh ó na saoránaigh i ndáil le rochtain ar ghinmhilleadh agus i ndáil le gnéasoideachas do mhionaóisigh a tharchur ar ais chuig coiste; de bhrí nach bhfuil na dátaí a dhéanfaidh na coistí parlaiminteacha staidéar ar na billí fógartha go

fóill;

- F. de bhrí go ndeachaigh mná agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar fud na tíre agus thar lear i mbun oll-agóidí, lena n-áirítear stailc na mban sa tír agus thar lear, lena n-áirítear stailc na mban ar an ‘Luan Dubh’ in 2016, de bharr dréachtbhíllí in 2016, 2018 agus 2020 lena bhforchuirtear bearta sriantacha frithghinmhíllte nó lena ndéantar iarracht toirmeasc iomlán, nach mór, a thabhairt isteach ar an gceart chun ginmhíllte; de bhrí, ar an drochuair, ó thús na bliana 2019, go bhfuil os cionn 80 réigiún, contae nó bardas ann ina ritheadh rúin lena ndearbhaítear iad féin a bheith saor ó ‘idé-eolaíocht LGBT’ mar a thugtar uirthi nó go bhfuil ‘Cairteacha Réigiúnacha um Chearta Teaghlaigh’, nó cuid díobh, glactha acu, lena ndéantar idirdhealú, go háirithe i gcoinne tuismitheoirí aonair agus tuismitheoirí LGBTI agus daoine LGBTI, agus lena gcuirtear srian *de facto* le saorghluaiseacht shaoránaigh AE;
1. á chur in iúl gur geal léi nár ghlac Parlaimint na Polainne, an 16 Aibreán 2020, an dá dhréachtdhlí de thionscniamh ó na saoránaigh i ndáil le rochtain ar ghinmhílleadh agus i ndáil le hoideachas gnéasachta do mhionaoisigh atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de; á chur in iúl gurb oth léi nár dhiúltaigh Parlaimint na Polainne lom láithreach an dá dhréachtdlí sin agus ag cur in aghaidh na mbillí sin a bheith á dtarchur ar ais chuig an gcoiste lena mbreithniú tuilleadh ós rud é go mbainfeadh gach ceann acu an bonn ó chearta an duine; á chur in iúl go gcreideann sí go bhféadfadh vótáil amach anseo ar na billí sin a bheith mar bhagairt ar phrionsabail fothaithe an Aontais, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, go háirithe urraim do chearta an duine agus dínit an duine, do neamh-idirdhealú agus do chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas idir mná agus fir chomh maith le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) agus cearta LGBTI agus obair na sochaí sibhialta;
 2. á iarraidh ar Rialtas na Polainne agus ar fheisirí de Pharlaimint na Polainne gan tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar an dá dhréachtdhlí sin, ós rud é go bhfuil díospóireacht fhuinniúil, riachtanach agus dhlisteanach ar siúl sa tír agus ar fud na hEorpa mar fhreagairt ar na saincheisteanna morálta agus ar na hagóidí a ardaíonn siad, agus go ndéanfaí dochar doleigheasta do bheatha agus do chearta bunúsacha na mílte ban, lánúineacha, teaghlach, leanaí agus déagóirí, a bhfuil roinnt mhaith acu i measc na ndaoine is óige agus is leochailí sa tsochaí, agus go ndéanfaí dochar doleigheasta freisin do bheatha agus do chearta bunúsacha oideoirí sláinte, lena n-áirítear múinteoirí, oibríthe for-rochtana, pearsanra cúraim sláinte agus gníomhaithe ar son chearta an duine; ag cur in iúl gur cúis mhór inní di iarrachtaí a dhéantar arís agus arís eile chun reachtaíocht a thabhairt isteach, a bhreithniú agus a athchóiriú agus é mar aidhm leis sin cearta na mban agus comhionannas inscne a shrianadh; ag tathant ar fheisirí de Pharlaimint na Polainne staonadh ó aon iarrachtaí eile a dhéanamh chun srian a chur ar an tsláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar na cearta atá ag mná agus ag déagóirí;
 3. á chur in iúl gurb oth léi, le tograí reachtacha a rinneadh le déanaí, nach mbeadh dualgas dlíthiúil ar shaoráidí leighis a thuilleadh saoráid mhalartach a léiriú i gcás ina ndiúltaíonn dochtúirí ginmhílleadh a dhéanamh ar bhonn a dtuairimí pearsanta; á athdhearbhú gur cúis bhuartha di úsáid an chláisail choinsiasa, lena n-áirítear easpa sásraí atreoraithe iontaofa agus easpa bearta ar féidir le mná a ndiúltaítear rochtain dhleathach ar ghinmhílleadh a thabhairt dóibh dul ar iontaoibh orthu go tráthúil; á mheabhrú, faoin dlí um chearta an duine, nár cheart go gceadófaí do dhochtúirí an bonn

a bhaint ó chearta doshannta na mban rochtain thráthúil a fháil ar réimse iomlán seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe agus an bonn a bhaint ón gceart chun beatha, sláinte agus príobháideachais; á iarraidh ar Rialtas na Polainne cloí leis na rialuithe ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine³, a rialaigh gur sárú ar chearta an duine é, i geleachtas, constaicí a chur ar ghinmhilleadh dleathach agus, dá bhrí sin, riail a áireamh sa dlí lena leagfar síos nach mór don tsaoráid leighis, i gcás diúltú, speisialtóir eile a léiriú a dhéanfaidh an gnáthamh ginmhillte nó saoráid eile a léiriú ina ndéanfar é; á iarraidh go n-aisghairfear an dlí lena gcuirtear srian ar rochtain na mban agus na gcailíní ar an bpiollaire frithghiniúna éigeandála;

4. á dhearbhu go láidir gur cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní é séanadh na seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe agus á mheabhrú gurb ionann gan faisnéis atá cruinn ó thaobh na heolaíochta de a bheith ar fáil agus sárú ar na cearta atá ag daoine aonair roghanna eolasacha a dhéanamh faoina SRHR féin;
5. á mholadh d'údaráis na Polainne Coinbhinsiún Iostanbúl Chomhairle na hEorpa a chur chun feidhme go nithiúil agus go héifeachtach, go háirithe trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana a áirithiú ar fud na tíre agus trí líon agus cáilíocht leordhóthanach d'ionaid dídine a sholáthar do mhná arb íospartaigh foréigin iad agus dá leanaí;
6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an fhrithfhreagairt ó chailleadh chearta na mban, an treocht i dtreo laghdú a dhéanamh ar an spás don tsochaí shibhialta agus an leibhéal neamhdhóthanach cosanta atá ann sa Pholainn maidir le ceart bunúsach daonna na mban agus na gcailíní ar déagóirí iad ar an tsláinte, ar ceart é a bhfuil sláinte ghnéis agus atáirgthe agus cearta gaolmhara, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis agus féinchinntiúchán, ina ngné bhunriachtanach de atá faoi chosaint dlí ar an leibhéal idirnáisiúnta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin go bhfuil cearta daoine óga LGBTI á gcailliúint, ar daoine iad a bhfuil a meabhairshláinte agus a sábháilteacht fhisiciúil i mbaol go háirithe mar gheall ar ionsaithe leanúnacha ag an rialtas ar ghníomhaithe agus ar eagraíochtaí trí ruathair, díchistiú agus imeaglú;
7. á chur i bhfáth go bhfuil rochtain thráthúil gan bhac ar sheirbhísí sláinte atáirgthe, agus urraim ar neamhspleáchas agus cinnteoireacht atáirgthe na mban ríthábhachtach chun cearta daonna na mban agus combhionannas inscne na mban a chosaint; a mheabhrú go bhfuil sé dearbhaithe arís agus arís eile ag comhlachtaí idirnáisiúnta um chearta an duine go bhfuil na dlíthe an-sriantach maidir le ginmhilleadh contrártha do chaighdeáin chearta an duine agus nach mór iad a athchóiriú; á mheabhrú go bhfuil cáineadh láidir déanta ag an bParlaimint cheana, ina rúin an 14 Meán Fómhair 2016⁴ agus an 15 Samhain 2017⁵, ar aon togra reachtach lena ndéanfaí ginmhilleadh a thoirmeasc i gcásanna dianlagaithe féatais nó lagaithe mharfaigh féatais, rud a chuirfeadh cosc beagnach go hiomlán ar rochtain ar chúram ginmhillte sa Pholainn ós rud é gur ar an bhforas sin a dhéantar an chuid is mó de ghinmhilltí dleathacha;
8. á chur i bhfáth go dtaistealaíonn mná a chinneann deireadh a chur le toirchis go tír eile chun seirbhísí sábháilte agus dleathacha a fháil nó go dtéann siad faoi ghnáthaimh sa

³ R.R., Tysiac agus P. v. an Pholainn (Uimhreacha Iarratais 27617/04, 5410/03, 57375/08)

⁴ IO C 204, 13.6.2018, lch. 95.

⁵ IO C 356, 4.10.2018, lch. 44.

bhaile a d'fhéadfadh a bheith contúirteach agus go bhféadfaidís a mbeatha a chur i mbaol le linn na ngnáthamh sin, go háirithe mná bochta; á athdhearbhú gur cineál foréigin in aghaidh mná agus cailíní is ea seanadh ceart agus seirbhísí gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear ginmhilleadh dleathach agus sábháilte;

9. á athdhearbhú go láidir go bhfuil rochtain ar fhaisnéis atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de faoi ghnéas, gnéasacht agus rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear oideachas gnéasach, pleanáil teaghlaigh, modhanna frithghiniúna agus ginmhilleadh sábháilte agus dleathach, riachtanach chun cur chuige dearfach measúil a chruthú maidir le gnéasacht agus caidreamh gnéasach, chomh maith leis an bhféidearthacht go mbeadh eispéiris ghnéasacha saor ó riosca, ó chomhéigean, ó idirdhealú agus ó fhoréigean;
10. á athdhearbhú nach mór daoine óga a chumhachtú agus a chosaint trí fhaisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise de faoi ghnéas agus gnéasacht agus trí rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe; á chur i bhfáth, in ionad daoine óga a chosaint, go bhfágann an easpa faisnéise agus oideachais maidir le gnéas agus gnéasacht go mbíonn baol ar shábháilteacht agus d'fholláine daoine óga, trí na daoine óga sin a dhéanamh leochaileach do theacht i dtír gnéasach, mí-úsáid agus foréigean, lena n-áirítear cailíní agus daoine óga LGBTI, a mbíonn tionchar ar leith ag neamhionannas inscne agus noirm shóisialta orthu; á iarraidh go dtabharfar tacaíocht d'oidoirí, do dhochtúirí agus do chúramóirí, go gcosnófar iad agus go spreagfar iad chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil;
11. á mheabhrú gur réamhriachtanas é an t-oideachas maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha eile a theachtadh, chomh maith le bheith ina cheart daonna neamhspleách; á mheabhrú go bhfuil sé de dhualgas ar an bPolainn faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine oideachas gnéasachta atá cuimsitheach, éigeantach, oiriúnach don aois, caighdeánaithe, fianaise-bhunaithe agus cruinn ó thaobh na heolaíochta de a chur ar fáil; á mheabhrú gur cuid riachtanach den churaclam scoile é an t-oideachas sin chun caighdeán na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip a chomhlíonadh chun oideachas agus cosaint a thabhairt do dhaoine óga; a dhearbhu gur cheart go gcuimseofaí leis an oideachas sin gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne, léiriú gnéasach, caidrimh agus toiliú, chomh maith le faisnéis maidir le torthaí diúltacha nó riochtaí amhail STInna agus VEID, toircheas neamhbheartaithe, foréigean gnéasach agus cleachtais dhíobhálacha amhail grúmaeireacht agus ciorrú ball giniúna ban;
12. á iarraidh ar Rialtas na Polainne na rúin arna nglacadh ag údaráis réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le 'limistéir saor ó LADTI', mar a thugtar orthu, sa Pholainn a chruthú, a cháineadh go práinneach agus bearta dlíthiúla iomchuí a dhéanamh ina gcoinne, ar rúin iad a sháraíonn cearta bunúsacha agus as a dtagann níos mó fuatha, eagla agus baoil i gcoinne daoine LADTI + sa Pholainn; ag meabhrú a rúin an 18 Nollaig 2019 maidir le hidirdhealú poiblí agus fuathchaint i gcoinne daoine LADTI, lena n-áirítear 'Limistéir saor ó LADTI'⁶; ag tathant ar Rialtas na Polainne bearta a dhéanamh chun daoine LGBTI+ a chosaint, chun aghaidh a thabhairt ar gach sárú ar chearta an duine agus chun cearta agus saoirsí daoine aonair agus eagraíochtaí sa tsochaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna na mban agus daoine LGBTI+ a ráthú;

⁶ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0101.

13. á mheabhrú gur féidir Airteagal 7 den CAE a ghníomhachtú i gcás inar léir go bhfuil baol ann go ndéanfaidh Ballstát sárú tromchúiseach ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2; á chur in iúl go gcreideann sí go láidir gurb ionann sáruithe ar chearta na mban, ar chearta daoine LGBTI+ agus ar chearta mionlach eile agus sárú tromchúiseach ar luachanna an chomhionannais agus ar urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar cearta iad a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar an staid chun a mheas cibé an sárú ar Airteagal 2 de CAE, ar Airteagal 3(2) CAE, ar Airteagal 21 CFAE, ar Theideal IV agus ar Theideal V de CFAE agus ar Airteagal 45 den Chairt é limistéir atá saor ó LGBTI a chruthú i dtríú chuid de na bardais sa Pholainn, mar aon le ráitis homafóbacha agus sáruithe eile ar chearta mionlach; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá thoradh sin, tuairim réasúnaithe a scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 258 CFAE agus, i gcás den sórt sin, breathnú a dhéanamh ar nós imeachta iomchuí um shárú a sheoladh; ag tathant ar an gCoimisiún tuilleadh maoinithe struchtúraigh AE a chur ar fionraí sna réigiúin ina n-úsáidí é le haghaidh gníomhaíochtaí frith-LGBTI+ a sháraíonn luachanna AE; á iarraidh ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin i gcomhthéacs na héisteachta atá á réachtáil aici faoi láthair maidir leis an staid sa Pholainn;
14. á iarraidh ar Rialtas na Polainne gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus tréithe gnéis a áireamh mar shaintréith phearsanta faoi chosaint sa Chód Coiriúil chun cearta gach duine LGBTI+ sa Pholainn a áirithiú;
15. á iarraidh go mbeidh oideachas cuimsitheach gnéasachta ann sa Pholainn i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta, arb oideachas é a bheidh iomchuí ó thaobh aoise de agus a bheidh i gcoinne an idirdhealaithe, chun an homafóibe, dearcthaí idirdhealaitheacha, steiréitíopaí inscne agus míthuiscentí faoin ngnéasacht agus faoin tsláinte atáirgthe a chomhrac; á iarraidh ar rialtas na Polainne a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine óga ar oideachas gnéasachta agus frith-idirdhealaithe sa churaclam scoile, ar oideachas é a bheidh cuimsitheach, oiriúnach ó thaobh aoise de agus fianaise-bhunaithe, i gcomhréir le caighdeán Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus a áirithiú go dtabharfar tacaíocht do mhúinteoirí nó oideoirí cáilithe chun an t-oideachas sin a sholáthar ar bhealach fíorasach agus oibiachtúil; á iarraidh ar údaráis na Polainne staonadh ó bheartas a ghlacadh atá contrártha do na cuspóirí sin, agus ó aon ghníomhaíocht araíonachta a dhéanamh in aghaidh na múinteoirí agus na n-oideoirí mar gheall ar an méid a bhíonn á theagasc acu maidir le gnéasacht agus frith-idirdhealú, nó na múinteoirí agus na hoideoirí sin a stiogmatú;
16. á iarraidh ar údaráis na Polainne na moltaí a rinne Parlaimint na hEorpa ina rún an 14 Samhain 2019 a chomhlíonadh maidir le coiriúlú an ghnéasoideachais sa Pholainn⁷, chomh maith leis na moltaí sin ó Chomhairle na hEorpa agus ó EDS;
17. á chur in iúl go gcreideann sí gur cheart go mbeadh toiliú na Parlaiminte do CAI 2021-2027, lena n-áirítear an Clár um Chearta agus Luachanna, coinníollach ar bheith ag cloí le luachanna an Aontais Eorpaigh; á athdhearbhú a hiarrata go mbeidh sásra ann chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit agus go bhfuil sí réidh gan a toiliú a thabhairt don CAI mura

7

dtiocfar ar chomhaontú polaitiúil maidir le sásra den sórt sin; á iarraidh ar údaráis na Polainne maoiniú leordhóthanach a áirithiú trí bhíthin ionstraimí ar leibhéal an Aontais amhail an CAI agus treoirhionscadail eile chun an CAI a chur ar fáil d'eagraíochtaí um chearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta na mban agus eagraíochtaí LGBTI+, agus aghaidh a thabhairt ar an maorlathú agus na srianta cistiúcháin atá ag dul i méid maidir le heagraíochtaí um chearta bunúsacha, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta na mban agus cearta gníomhaithe.

PROCEDURE – COMMITTEE ASKED FOR OPINION

Title	Determination of a clear risk of a serious breach by the Republic of Poland of the rule of law
References	2017/0360R(NLE)
Committee responsible	LIBE
Opinion by Date announced in plenary	FEMM 27.5.2020
Rapporteur Date appointed	Evelyn Regner 27.4.2020
Date adopted	3.7.2020
Result of final vote	+: 24 -: 6 0: 3

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH
TUAIRIM AIR**

24	+
RE	Abir Al-Sahlani, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans, Chrysoula Zacharopoulou
GUE/NGL	Eugenia Rodríguez Palop, Elena Kountoura
EPP	Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Arba Kokalari, Sirpa Pietikäinen, Christine Schneider, Elissavet Vozemberg-Vrionidi
S&D	Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, María Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner
GREENS/EFA	Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Ernest Urtasun, Alice Kuhnke

6	-
ID	Christine Anderson, Simona Baldassarre, Annika Bruna, Isabella Tovaglieri
ECR	Margarita de la Pisa Carrión, Jadwiga Wiśniewska

3	0
EPP	Rosa Estaràs Ferragut, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Livia Járóka

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh